CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/613 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Aibreán 2021

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus in aghaidh daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhaire Cinneadh (CBES) 2016/1693 ([1]).

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus ó Al-Qaeda agus ó dhaoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo, ba cheart duine amháin a chur le liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/1693 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Aibreán 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus in aghaidh daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25).

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas le liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693:

"7. Mesut SEKERCI; dáta breithe: 22 Iúil 1995; áit bhreithe: Evreux (an Fhrainc); náisiúntacht: Francach, Turcach.".